# Loinneog Lúnasa 2015

Bhí Loinneog Lúnasa ar siúl ón Chéadaoin 5-10 Lúnasa. Ba é an damhsóir cáiliúil Breandán de Gallaí a rinne an fhoscailt oifigiúil i leabharlann Ghaoth Dobhair ar an Aoine 7 Lúnasa. Bhí ceardlann damhsa ag Breandán agus Joanne Doyle sa Chrannóg i rith an deireadh seachtaine. Ghlac go leor daoine idir sean agus óg páirt sna ceardlainn damhsa agus ceoil a bhí ar siúl. Bhí ceolchoirm den scóth i dTí Jack oíche Dhéardaoin agus an teach lán leis an Chrann Óg agus Mairead Ní Mhaonaigh. Sa Ghailearaí oíche Dé hAoine bhí Ciarán Ó Maonaigh agus Caitlín Nic Gabhann agus Moya Brennan lena cairde dTí Leo oíche Dé Domhnaigh. Ar an Satharin bhí an Cabaret Craiceáilte dTí Hiúdaí. Bhí siúlóid cois cósta le clapsholas ag Rock agus Roam Dé Domhnaigh ó Óstán Ghaoth Dobhair ón 8.00.-9.30.i.n.













# Oíche Chuimhneacháin




Bhí oíche mhór sa Chrannóg ar an Cheádaoin 5 Lúnasa don oíche Chuimhneacháin ar Áine Nic Giolla Bhríde. Ceapadh Áine mar Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge i 1975. Chur seo tús le Oireachtais a theacht go Gaoth Dobhair i 1977-80-84-96-2002. Bhí cliú agus cáil ar Áine mar bhunaitheoir lena dearthái Eoghan ar aisteoirí Ghaoth Dobhair i 1932 agus mar aisteoir í fhéin. Bhí go leor da cairde agus aisteoirí óga agus sean aisteoirí i láthair ar an oíche. Ba é Noel Ó Gallchóir iar príomh oide Phobalscoil Ghaoth Dobhair a rinne an cur i láthair ar shaol agus ar shaothar Áine, mar mhúinteoir, mar aisteoir agus mar cheannródaí pobail.

Bhronn Máire Mhic Niallais thar cheann Ghlór na nGael Ghaoth Dobhair seic €5000 ar Sheán Ó Duibhir do chiste na hAmharclainne i gcuimhne ar Áine Nic Giolla Bhríde













# Áine Nic Giolla Bhríde


















# An Crann Óg agus na Gearmanaí óga as Giessen i mBrú na hÓige, in nDún Lúiche i mí Lúnasa





De bharr go raibh grúpa ón Ghearmáin anseo ar cuairt i 2012 agus fuair siad aithne ar an Crann Óg thug siad cuireadh chun na Gearmáine daofa i Mí Lúnasa 2013. Bhí ceolchoirmeacha acu i mbailte éagsúla i stáit Hesse, mar Frankenbach, Caisleán Braunfels, Wissmar, Hohensolms agus Giessen. Tháinig an grúpa ar ais i mbliana i mí Lúnasa agus bhí siad ar lóistín i mBrú na hÓige i nDún Lúiche ar feadh míosa. Níl an traidisiúin ceoil acú sa Ghearmáin atá againne ach taitníonn an ceol Gaelach agus an Crann Óg go mór leo.





# Fleadh Ceoil na hÉireann 2015, Sligeach







Ó chlé; Cathal Ó Curráin Buaiteoir ag Fleadh Ceoil na hÉireann san Amhránaíocht faoi 18bl, Comhghairdeas leis.

An Crann Óg ag "buscáil" ag an Fleadh.

Rinne siad seisiún ceoil ar an Gig Rig chomh maith.

Cuid den lucht féachana ag an Fleadh